# RIALACHÁN (AE) 2023/198 ÓN gCOIMISIÚN

## an 30 Eanáir 2023

## lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh abaimeictine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1)(a) agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás abaimeictine, leagadh síos uasleibhéil iarmhar ("MRLanna") in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) Le linn an athbhreithnithe ar na MRLanna sin i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, shainaithin an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") sa tuairim réasúnaithe uaidh ([2]) roinnt faisnéise mar fhaisnéis nach raibh ar fáil le haghaidh táirgí áirithe. An fhaisnéis a bhí ar fáil, bhí sí leordhóthanach don Údarás chun MRLanna atá sábháilte do thomhaltóirí a mholadh agus léiríodh na bearnaí sonraí in Iarscríbhinn II den Rialachán sin ina sonraítear an dáta faoina raibh an fhaisnéis a bhí in easnamh le cur faoi bhráid an Údaráis mar thaca leis na MRLanna atá beartaithe.

(3) Chuir an t-iarratasóir isteach na sonraí a bhí in easnamh mar aon le hiarraidh ar bhonn Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 chun modhnú a dhéanamh ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh abaimeictine i dtáirgí áirithe.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne an Ballstát lena mbaineann meastóireacht ar an iarratas agus cuireadh an tuarascáil mheastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(5) Rinne an tÚdarás measúnú ar an iarratas agus ar an tuarascáil mheastóireachta, agus rinne sé scrúdú faoi leith ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe.

(6) An 23 Eanáir 2020, d'fhoilsigh an tÚdarás tuairim réasúnaithe maidir leis an meastóireacht ar na sonraí daingniúcháin a cuireadh isteach tar éis an athbhreithnithe ar na MRLanna faoi Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus maidir leis an iarraidh chun na huasleibhéil iarmhar le haghaidh abaimeictine a mhodhnú i dtráchtearraí éagsúla ([3]).

(7) Maidir le halmóinn, cnónna coill, gallchnónna, cuiríní (iad dubh, dearg agus bán), spíonáin (iad glas, dearg agus buí), papánna agus searbháin na Beilge, níor chuir an t-iarratasóir isteach aon fhaisnéis i ndáil le trialacha iarmhar. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár tugadh aghaidh go leordhóthanach ar an mbearna sonraí, agus go bhféadfadh bainisteoirí riosca breithniú a dhéanamh maidir leis na MRLanna sin a leagan síos ag an teorainn chinnidh (LOD), nó iad a choinneáil ar an leibhéal sin. Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an LOD. Dá bhrí sin, is iomchuí Iarscríbhinn II a leasú agus an tagairt maidir le faisnéis bhreise a scriosadh ón Iarscríbhinn sin.

([1]) IO L 070, 16.3.2005, lch. 1.

([2]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels (MRLs) for abamectin according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) atá ann cheana le haghaidh abaimeictine de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2014;12(9):3823.

([3]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on evaluation of confirmatory data following the Article 12 MRL review and modification of the existing maximum residue levels for abamectin in various commodities* [Tuairim réasúnaithe maidir le meastóireacht ar shonraí daingniúcháin tar éis an athbhreithnithe ar MRLanna faoi Airteagal 12 agus maidir le modhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh abaimeictine i dtráchtearraí éagsúla]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2020;18(1):5989.

(8) Maidir le cainchí, torthaí ón meispeal Gearmánach, locuatanna, bheartaigh an t-iarratasóir MRL a dhíorthú ar bhonn Dea-Chleachtas Talmhaíochta (GAP) malartach. Rinneadh measúnú ar an úsáid sin agus ar na trialacha iarmhar cheana i dtuairim réasúnaithe roimhe seo ([4]). Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh na sonraí maidir le hiarmhair leordhóthanach chun tacú le moltaí i ndáil le MRLanna níos ísle le haghaidh na dtáirgí sin. Dá bhrí sin, ba cheart MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás.

(9) Maidir le duilleoga soilire, pónairí a bhfuil faighneoga acu agus piseanna a bhfuil faighneoga acu, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh na sonraí maidir le hiarmhair leordhóthanach chun tacú leis an MRL le haghaidh na dtáirgí sin. Dá bhrí sin, ba cheart MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a iarann an t-iarratasóir.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 cuireadh isteach iarratas ar lamháltais allmhairiúcháin maidir le habaimeictin a úsáidtear sna Stáit Aontaithe ar tháirgí áirithe.

(11) Deir an t-iarratasóir go mbíonn iarmhair a sháraíonn na MRLanna atá i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar thoradh ar úsáidí údaraithe abaimeictine ar na barra sin sa tír sin agus go bhfuil MRLanna níos airde riachtanach chun bacainní trádála maidir le hallmhairiú na mbarr sin a sheachaint.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne an Ballstát lena mbaineann meastóireacht ar na hiarratais sin agus cuireadh an tuarascáil mheastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(13) Rinne an tÚdarás measúnú ar na hiarratais agus ar an tuarascáil mheastóireachta, agus rinne sé scrúdú faoi leith ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe.

(14) An 10 Iúil 2020, d'fhoilsigh an tÚdarás tuairim réasúnaithe maidir le lamháltais allmhairiúcháin a leagan síos le haghaidh abaimeictine i mbarra éagsúla ([5]).

(15) A mhéid a bhaineann le modhnuithe ar MRLanna a d'iarr an t-iarratasóir le haghaidh abhacád, biolar agus eascróga agus péacáin eile, biolair thalún, ruachán Rómhánach, barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí), leitísí agus plandaí sailéid eile, puirsleán, finéil Fhlórans agus síolta cadáis, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur comhlíonadh na ceanglais go léir maidir le hiomláine na sonraí a cuireadh isteach agus go raibh na modhnuithe ar na MRLanna a d'iarr an t-iarratasóir inghlactha maidir le sábháilteacht an tomhaltóra ar bhonn measúnú ar theagmháil an tomhaltóra i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha shonracha. Chuir an tÚdarás san áireamh an fhaisnéis is déanaí maidir le hairíonna tocsaineolaíocha na substainte. Maidir le teagmháil ar feadh an tsaoil leis an tsubstaint trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a bhféadfadh sí a bheith iontu, agus maidir le teagmháil ghearrthéarmach trí go leor de na táirgí lena mbaineann a chaitheamh, níor léiríodh baol i leith ceachtar acu sin go sáraítear an iontógáil laethúil inghlactha nó an ghéardháileog thagartha. Dá bhrí sin, ba cheart MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a iarann an t-iarratasóir.

(16) I gcomhthéacs an nós imeachta maidir le formheas na substainte gníomhaí abaimeictin a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), d'fhoilsigh an tÚdarás conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca ([7]) ar an tsubstaint gníomhach sin. Mhol an tÚdarás, ar bhonn na staidéar ar néarthocsaineacht fhorbarthach, gur cheart iontógáil laethúil inghlactha níos ísle (ADI) agus géardháileog thagartha (ARfD) níos ísle a leagan síos.

(17) An 3 Feabhra 2021, agus i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás tuairim réasúnaithe a sholáthar ina ndéanfaí measúnú ar na rioscaí a bhféadfadh baint a bheith acu le MRLanna áirithe atá ann faoi láthair le haghaidh abaimeictine, i bhfianaise an ADI agus an ARfD níos ísle a luaitear thuas.

---

([4]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the modification of the existing MRLs for abamectin in various crops* [Tuairim réasúnaithe maidir le modhnú a dhéanamh ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh abaimeictine i mbarra éagsúla]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2015;13(7):4189.

([5]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on setting of import tolerances for abamectin in various crops* [Tuairim réasúnaithe maidir le lamháltais allmhairiúcháin a leagan síos le haghaidh abaimeictine i mbarra éagsúla]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2020;18(7):6173.

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

([7]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance abamectin* [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar ar an tsubstaint ghníomhach abaimeictin]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2020;18(8):6227.

(18) An 6 Deireadh Fómhair 2021, d'fhoilsigh an tÚdarás tuairim réasúnaithe maidir leis an measúnú spriocdhírithe ar uasteorainneacha iarmhar áirithe atá ann cheana le haghaidh abaimeictine ar ábhar imní iad ([8]).

(19) Maidir le húlla, piorraí agus searbháin muc, shainaithin an tÚdarás rioscaí do-ghlactha i ndáil leis na MRLanna atá ann faoi láthair. Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit agus iarradh orthu GAPanna cúltaca féideartha a thuairisciú a mbeadh MRLanna atá sábháilte do thomhaltóirí mar thoradh orthu. Maidir le húlla agus piorraí, ní raibh na Ballstáit in ann GAP cúltaca a mholadh. Ní raibh sonraí tacaíochta ar fáil le haghaidh an GAP a tuairiscíodh le haghaidh searbháin muc. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir MRL a dhíorthú le haghaidh úll, piorraí ná searbháin muc. Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an LOD.

(20) Maidir le súitha talún, trátaí, cúcamair, cúirséid, ceathrúna uain, leitísí, costóg agus peirsil, shainaithin an tÚdarás rioscaí do-ghlactha i ndáil leis na MRLanna atá ann faoi láthair. Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit agus iarradh orthu GAPanna cúltaca féideartha a thuairisciú a mbeadh MRLanna atá sábháilte do thomhaltóirí mar thoradh orthu. Shainaithin na Ballstáit GAPanna den sórt sin le haghaidh súitha talún, trátaí, cúcamar, cúirséad, ceathrúna uain, leitísí, costóige agus peirsile. Dá bhrí sin, mhol an tÚdarás na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a ísliú. Dá bhrí sin, ba cheart MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás.

(21) Maidir le piobair mhilse/chloigíneacha, shainaithin an tÚdarás rioscaí do-ghlactha do thomhaltóirí i ndáil leis na MRLanna atá ann faoi láthair. Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit agus iarradh orthu GAPanna cúltaca féideartha a thuairisciú a mbeadh MRLanna atá sábháilte do thomhaltóirí mar thoradh orthu. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, cé gur shainaithin na Ballstáit GAP cúltaca le haghaidh piobair mhilse/chloigíneacha, go raibh faisnéis ann nach raibh ar fáil agus gur ghá do na bainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, ba cheart MRLanna le haghaidh piobair mhilse/chloigíneacha a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás. Déanfar athbhreithniú ar an MRL sin; cuirfear san áireamh san athbhreithniú sin an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de dhá bhliain ó dháta foilsithe an Rialacháin seo.

(22) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le hiarmhair lotnaidicídí i ndáil leis an ngá le LODanna áirithe a oiriúnú. I gcás abaimeictine, mhol na saotharlanna sin LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge agus ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach.

(23) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh.

(24) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(25) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo i gcás táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe agus ar ina leith a léiríonn an fhaisnéis go gcoinnítear leibhéal ard cosanta don tomhaltóir ar bun. Is amhlaidh an cás le haghaidh gach táirge seachas úlla, piorraí, súitha talún, trátaí, piobair mhilse/chloigíneacha, cúcamair, cúirséid, ceathrúna uain, leitísí, searbháin muc, costóg agus peirsil.

(26) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a oiriúnú chun na ceanglais nua a thiocfaidh as an modhnú ar na MRLanna a chomhlíonadh.

(27) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([8]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Focused assessment of certain existing MRLs of concern for abamectin* [Measúnú spriocdhírithe ar MRLanna áirithe atá ann cheana le haghaidh abaimeictine ar ábhar imní iad]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2021;19(10):6842.

*Airteagal 2*

A mhéid a bhaineann leis an tsubstaint ghníomhach abaimeictin i ngach táirge agus ar gach táirge seachas úlla, piorraí, sútha talún, trátaí, piobair mhilse/chloigíneacha, cúcamair, cúirséid, ceathrúna uain, leitísí, searbháin muc, costóg agus peirsil, beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcónaí mar a bhí sular leasaíodh é leis an Rialachán seo maidir le táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas roimh an 20 Lúnasa 2023.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 20 Lúnasa 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Eanáir 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cholúin le haghaidh abaimeictine:

**"Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)**

| Códuimhir | Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo [a] | Abaimeictin (an tsuim d'aiveirmeictin B1a, d'aiveirmeictin B1b agus den isiméir deilte-8,9 d'aiveirmeictin B1a, arna sloinneadh mar aiveirmeictin B1a) (R) (F) |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| 0100000 | **TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN** | |
| 0110000 | **Torthaí citris** | 0,04 |
| 0110010 | Seadóga | |
| 0110020 | Oráistí | |
| 0110030 | Líomóidí | |
| 0110040 | Líomaí | |
| 0110050 | Mandairíní | |
| 0110990 | Eile (2) | |
| 0120000 | **Cnónna crann** | **0,01** (*) |
| 0120010 | Almóinní | |
| 0120020 | Cnónna Brasaíleacha | |
| 0120030 | Cnónna caisiú | |
| 0120040 | Castáin | |
| 0120050 | Cnónna cócó | |
| 0120060 | Cnónna coill | |
| 0120070 | Macadaimia | |
| 0120080 | Cnónna peacáin | |
| 0120090 | Eithní cnónna péine | |
| 0120100 | Cnónna pistéise | |
| 0120110 | Gallchnónna | |
| 0120990 | Eile (2) | |
| 0130000 | **Torthaí póma** | |
| 0130010 | Úlla | **0,006** (*) |
| 0130020 | Piorraí | **0,006** (*) |
| 0130030 | Cainchí | **0,02** |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0130040 | Torthaí ón meispeal Gearmánach | **0,02** |
| 0130050 | Locuatanna | **0,02** |
| 0130990 | Eile (2) | **0,01** (*) |
| 0140000 | **Torthaí cloiche** | |
| 0140010 | Aibreoga | 0,02 |
| 0140020 | Silíní (iad milis) | 0,01 (*) |
| 0140030 | Péitseoga | 0,02 |
| 0140040 | Plumaí | 0,01 (*) |
| 0140990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 0150000 | **Caora agus torthaí beaga** | |
| 0151000 | (a) **fíonchaora** | 0,01 (*) |
| 0151010 | Fíonchaora boird | |
| 0151020 | Fíniúnacha coiteanna | |
| 0152000 | (b) **sútha talún** | **0,08** |
| 0153000 | (c) **torthaí cána** | |
| 0153010 | Sméara dubha | 0,08 |
| 0153020 | Eithreoga | 0,01 (*) |
| 0153030 | Sútha craobh (iad dearg agus buí) | 0,08 |
| 0153990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 0154000 | (d) **torthaí beaga eile agus caora eile** | 0,01 (*) |
| 0154010 | Fraocháin | |
| 0154020 | Mónóga | |
| 0154030 | Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán) | |
| 0154040 | Spíonáin (iad glas, dearg agus buí) | |
| 0154050 | Mogóirí róis | |
| 0154060 | Maoildearga (iad dubh agus bán) | |
| 0154070 | Torthaí ón sceach gheal asaróil | |
| 0154080 | Caora troim | |
| 0154990 | Eile (2) | |
| 0160000 | **Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil** | |
| 0161000 | (a) **craiceann inite** | 0,01 (*) |
| 0161010 | Dátaí | |
| 0161020 | Figí | |
| 0161030 | Ológa boird | |
| 0161040 | Cumcuait | |
| 0161050 | Torthaí réaltúla | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0161060 | Dátphlumaí Seapánacha | |
| 0161070 | Plumaí láva | |
| 0161990 | Eile (2) | |
| 0162000 | (b) **craiceann do-ite, é beag** | 0,01 (*) |
| 0162010 | Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí) | |
| 0162020 | Lítsíonna | |
| 0162030 | Páiseoga | |
| 0162040 | Piorraí deilgneacha | |
| 0162050 | Réalt-úlla | |
| 0162060 | Dátphlumaí Meiriceánacha | |
| 0162990 | Eile (2) | |
| 0163000 | (c) **craiceann do-ite, é mór** | |
| 0163010 | Abhacáid | **0,02** |
| 0163020 | Bananaí | 0,02 |
| 0163030 | Mangónna | 0,01 (*) |
| 0163040 | Papánna | **0,01** (*) |
| 0163050 | Pomagránaití | 0,01 (*) |
| 0163060 | Céiriomoighe | 0,01 (*) |
| 0163070 | Guábhaí | 0,01 (*) |
| 0163080 | Anainn | 0,01 (*) |
| 0163090 | Torthaí aráin | 0,01 (*) |
| 0163100 | Duraígh | 0,01 (*) |
| 0163110 | Úlla deilgneacha | 0,01 (*) |
| 0163990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 0200000 | **GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE** | |
| 0210000 | **Glasraí fréimhe agus tiúbair** | 0,01 (*) |
| 0211000 | (a) **prátaí** | |
| 0212000 | (b) **glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha** | |
| 0212010 | Casabhaigh | |
| 0212020 | Prátaí milse | |
| 0212030 | Ionaim | |
| 0212040 | Ararút | |
| 0212990 | Eile (2) | |
| 0213000 | (c) **glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra** | |
| 0213010 | Meacain bhiatais | |
| 0213020 | Meacain dhearga | |
| 0213030 | Soiliriac/soilire tornapa | |
| 0213040 | Meacain ragaim | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0213050 | Bliosáin ghréine | |
| 0213060 | Meacain bhána | |
| 0213070 | Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg | |
| 0213080 | Raidisí | |
| 0213090 | Salsabh | |
| 0213100 | Svaeideanna | |
| 0213110 | Tornapaí | |
| 0213990 | Eile (2) | |
| 0220000 | **Glasraí bleibíní** | 0,01 (*) |
| 0220010 | Gairleog | |
| 0220020 | Oinniúin | |
| 0220030 | Seallóidí | |
| 0220040 | Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil | |
| 0220990 | Eile (2) | |
| 0230000 | **Glasraí a thugann torthaí** | |
| 0231000 | (a) **Solanaceae agus Malvaceae** | |
| 0231010 | Trátaí | **0,015** |
| 0231020 | Piobair mhilse/chloigíneacha | **0,03(+)** |
| 0231030 | Ubhthorthaí | 0,09 |
| 0231040 | Ocra | 0,01 (*) |
| 0231990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 0232000 | (b) **guird a bhfuil craiceann inite acu** | |
| 0232010 | Cúcamair | **0,02** |
| 0232020 | Gircíní | 0,04 |
| 0232030 | Cúirséid | **0,02** |
| 0232990 | Eile (2) | 0,04 |
| 0233000 | (c) **guird a bhfuil craiceann do-ite acu** | 0,01 (*) |
| 0233010 | Mealbhacáin | |
| 0233020 | Puimcíní | |
| 0233030 | Mealbhacáin uisce | |
| 0233990 | Eile (2) | |
| 0234000 | (d) **arbhar milis** | 0,01 (*) |
| 0239000 | (e) **glasraí eile a thugann torthaí** | 0,01 (*) |
| 0240000 | **Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)** | |
| 0241000 | (a) **praiseach bhlátha** | 0,01 (*) |
| 0241010 | Brocailí | |
| 0241020 | Cóilis | |
| 0241990 | Eile (2) | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0242000 | (b) **praiseach chinn** | 0,01 (*) |
| 0242010 | Bachlóga Bruiséile | |
| 0242020 | Cabáistí cinn | |
| 0242990 | Eile (2) | |
| 0243000 | (c) **praiseach dhuilleach** | |
| 0243010 | Cabáistí Síneacha | 0,05 |
| 0243020 | Cáil | 0,01 (*) |
| 0243990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 0244000 | (d) **cálráibí** | 0,01 (*) |
| 0250000 | **Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite** | |
| 0251000 | (a) **leitísí agus plandaí sailéid** | |
| 0251010 | Ceathrúna uain | **0,08** |
| 0251020 | Leitísí | **0,03** |
| 0251030 | Searbháin muc | **0,01** (*) |
| 0251040 | Biolair agus eascróga agus peacáin eile | **0,08** |
| 0251050 | Biolair thalún | **0,08** |
| 0251060 | Ruachán Rómhánach | **0,08** |
| 0251070 | Mustard dearg | 0,01 (*) |
| 0251080 | Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí) | **3** |
| 0251990 | Eile (2) | **0,08** |
| 0252000 | (b) **spionáistí agus duilleoga comhchosúla** | |
| 0252010 | Spionáistí | 0,01 (*) |
| 0252020 | Puirsleáin | **0,1** |
| 0252030 | Seardas/duilleoga biatais | 0,01 (*) |
| 0252990 | Eile (2) | **0,1** |
| 0253000 | (c) **duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla** | 0,01 (*) |
| 0254000 | (d) **biolair uisce** | 0,01 (*) |
| 0255000 | (e) **sreabháin na Beilge** | 0,01 (*) |
| 0256000 | (f) **luibheanna agus bláthanna inite** | |
| 0256010 | Costóg | **0,03** |
| 0256020 | Síobhas | 2 |
| 0256030 | Duilleoga soilire | **0,03** |
| 0256040 | Peirsil | **0,03** |
| 0256050 | Sáiste | 2 |
| 0256060 | Marós | 2 |
| 0256070 | Tím | 2 |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0256080 | Basal agus bláthanna inite | 2 |
| 0256090 | Duilleog labhrais | 2 |
| 0256100 | Dragan | 2 |
| 0256990 | Eile (2) | 0,02 (*) |
| 0260000 | **Léagúim** | |
| 0260010 | Pónairí (a bhfuil faighneoga acu) | **0,08** |
| 0260020 | Pónairí (gan faighneoga) | 0,01 (*) |
| 0260030 | Piseanna (a bhfuil faighneoga acu) | **0,08** |
| 0260040 | Piseanna (gan faighneoga) | 0,01 (*) |
| 0260050 | Lintilí | 0,01 (*) |
| 0260990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 0270000 | **Glasraí gais** | |
| 0270010 | Lus súgach | 0,01 (*) |
| 0270020 | Cardúin | 0,01 (*) |
| 0270030 | Soilirí | 0,05 |
| 0270040 | Finéal Fhlórans | **0,03** |
| 0270050 | Bliosáin chruinne | 0,01 (*) |
| 0270060 | Cainneanna | 0,01 (*) |
| 0270070 | Biabhóg | 0,01 (*) |
| 0270080 | Péacáin bhambú | 0,01 (*) |
| 0270090 | Croíthe pailme | 0,01 (*) |
| 0270990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 0280000 | **Fungais, caonaigh agus léicin** | 0,01 (*) |
| 0280010 | Fungais shaothraithe | |
| 0280020 | Fungais fhiáine | |
| 0280990 | Caonaigh agus léicin | |
| 0290000 | **Algaí agus orgánaigh phrócaróit** | 0,01 (*) |
| 0300000 | **PISEÁNAIGH** | 0,01 (*) |
| 0300010 | Pónairí | |
| 0300020 | Lintilí | |
| 0300030 | Piseanna | |
| 0300040 | Lúipíní/pónairí lúipíní | |
| 0300990 | Eile (2) | |
| 0400000 | **OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ** | |
| 0401000 | **Olashíolta** | |
| 0401010 | Ros lín | 0,01 (*) |
| 0401020 | Piseanna talún | 0,01 (*) |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0401030 | Síolta poipín | 0,01 (*) |
| 0401040 | Síolta seasamain | 0,01 (*) |
| 0401050 | Síolta lus na gréine | 0,01 (*) |
| 0401060 | Síolta ráibe | 0,01 (*) |
| 0401070 | Pónairí soighe | 0,01 (*) |
| 0401080 | Síolta mustaird | 0,01 (*) |
| 0401090 | Síolta cadáis | **0,02** |
| 0401100 | Síolta puimcín | 0,01 (*) |
| 0401110 | Síolta cróch bréige | 0,01 (*) |
| 0401120 | Síolta borráiste | 0,01 (*) |
| 0401130 | Caimilín | 0,01 (*) |
| 0401140 | Síolta cnáibe | 0,01 (*) |
| 0401150 | Pónairí ricne | 0,01 (*) |
| 0401990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 0402000 | **Olathorthaí** | 0,01 (*) |
| 0402010 | Ológa le haghaidh táirgeadh ola | |
| 0402020 | Eithní pailme ola | |
| 0402030 | Torthaí pailme ola | |
| 0402040 | Capac | |
| 0402990 | Eile (2) | |
| 0500000 | **GRÁNAIGH** | 0,01 (*) |
| 0500010 | Eorna | |
| 0500020 | Ruán agus bréag-ghránaigh eile | |
| 0500030 | Arbhar Indiach/arbhar | |
| 0500040 | Muiléad coiteann | |
| 0500050 | Coirce | |
| 0500060 | Rís | |
| 0500070 | Seagal | |
| 0500080 | Sorgam | |
| 0500090 | Cruithneacht | |
| 0500990 | Eile (2) | |
| 0600000 | **TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB** | 0,05 (*) |
| 0610000 | **Taenna** | |
| 0620000 | **Pónairí caife** | |
| 0630000 | **Insiltí luibhe ó** | |
| 0631000 | (a) **bláthanna** | |
| 0631010 | Camán meall | |
| 0631020 | Roiseog | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0631030 | Rós | |
| 0631040 | Seasmain | |
| 0631050 | Teile | |
| 0631990 | Eile (2) | |
| 0632000 | (b) **duilleoga agus luibheanna** | |
| 0632010 | Sú talún | |
| 0632020 | Rooibos | |
| 0632030 | Maité | |
| 0632990 | Eile (2) | |
| 0633000 | (c) **fréamhacha** | |
| 0633010 | Caorthann corraigh | |
| 0633020 | Ginsing | |
| 0633990 | Eile (2) | |
| 0639000 | (d) **aon chuid eile den phlanda** | |
| 0640000 | **Pónairí cócó** | |
| 0650000 | **Carúib** | |
| 0700000 | **LEANNLUSANNA** | 0,1 |
| 0800000 | **SPÍOSRAÍ** | |
| 0810000 | **Spíosraí ó shíolta** | 0,05 (*) |
| 0810010 | Ainís | |
| 0810020 | Calaindí | |
| 0810030 | Soilire | |
| 0810040 | Lus an choire | |
| 0810050 | Cuimín | |
| 0810060 | Lus mín | |
| 0810070 | Finéal | |
| 0810080 | Feinigréag | |
| 0810090 | Noitmig | |
| 0810990 | Eile (2) | |
| 0820000 | **Spíosraí ó thorthaí** | 0,05 (*) |
| 0820010 | Ilspíosra/pimeantó | |
| 0820020 | Piobar Szechuan | |
| 0820030 | Cearbhas | |
| 0820040 | Cardamam | |
| 0820050 | Caor aitil | |
| 0820060 | Piobarchaor (í dubh, glas agus bán) | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0820070 | Fanaile | |
| 0820080 | Tamarain | |
| 0820990 | Eile (2) | |
| 0830000 | **Spíosraí ó choirt** | 0,05 (*) |
| 0830010 | Cainéal | |
| 0830990 | Eile (2) | |
| 0840000 | **Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm** | |
| 0840010 | Liocras | 0,05 (*) |
| 0840020 | Sinséar (10) | |
| 0840030 | Tuirmiric/curcuma | 0,05 (*) |
| 0840040 | Meacain ragaim (11) | |
| 0840990 | Eile (2) | 0,05 (*) |
| 0850000 | **Spíosraí ón mbachlóg** | 0,05 (*) |
| 0850010 | Clóibh | |
| 0850020 | Caprais | |
| 0850990 | Eile (2) | |
| 0860000 | **Spíosraí ó phistil bláthanna** | 0,05 (*) |
| 0860010 | Cróch | |
| 0860990 | Eile (2) | |
| 0870000 | **Spíosraí arail** | 0,05 (*) |
| 0870010 | Maicis | |
| 0870990 | Eile (2) | |
| 0900000 | **PLANDAÍ SIÚCRA** | 0,01 (*) |
| 0900010 | Fréamhacha biatas siúcra | |
| 0900020 | Cánaí siúcra | |
| 0900030 | Fréamhacha siocaire | |
| 0900990 | Eile (2) | |
| 1000000 | **TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN** | |
| 1010000 | **Tráchtearraí ó** | |
| 1011000 | (a) **mucra** | 0,01 (*) |
| 1011010 | Matán | |
| 1011020 | Saill | |
| 1011030 | An t-ae | |
| 1011040 | An duán | |
| 1011050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | |
| 1011990 | Eile (2) | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 1012000 | (b) **bó-ainmhí** | |
| 1012010 | Matán | 0,01 (*) |
| 1012020 | Saill | 0,01 (*) |
| 1012030 | An t-ae | 0,02 |
| 1012040 | An duán | 0,01 (*) |
| 1012050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0,02 |
| 1012990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 1013000 | (c) **caoirigh** | |
| 1013010 | Matán | 0,02 |
| 1013020 | Saill | 0,05 |
| 1013030 | An t-ae | 0,025 |
| 1013040 | An duán | 0,02 |
| 1013050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0,05 |
| 1013990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 1014000 | d) **gabhar** | |
| 1014010 | Matán | 0,01 (*) |
| 1014020 | Saill | 0,01 (*) |
| 1014030 | An t-ae | 0,02 |
| 1014040 | An duán | 0,01 (*) |
| 1014050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0,02 |
| 1014990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 1015000 | (e) **eachaí** | |
| 1015010 | Matán | 0,01 (*) |
| 1015020 | Saill | 0,01 (*) |
| 1015030 | An t-ae | 0,02 |
| 1015040 | An duán | 0,01 (*) |
| 1015050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0,02 |
| 1015990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 1016000 | (f) **éanlaith chlóis** | 0,01 (*) |
| 1016010 | Matán | |
| 1016020 | Saill | |
| 1016030 | An t-ae | |
| 1016040 | An duán | |
| 1016050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | |
| 1016990 | Eile (2) | |
| 1017000 | (g) **ainmhithe talún feirme eile** | |
| 1017010 | Matán | 0,01 (*) |
| 1017020 | Saill | 0,01 (*) |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 1017030 | An t-ae | 0,02 |
| 1017040 | An duán | 0,01 (*) |
| 1017050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0,02 |
| 1017990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 1020000 | **Bainne** | 0,01 (*) |
| 1020010 | Eallach | |
| 1020020 | Caoirigh | |
| 1020030 | Gabhar | |
| 1020040 | Capall | |
| 1020990 | Eile (2) | |
| 1030000 | **Uibheacha éan** | 0,01 (*) |
| 1030010 | An chearc | |
| 1030020 | Lacha | |
| 1030030 | Géanna | |
| 1030040 | Gearg | |
| 1030990 | Eile (2) | |
| 1040000 | **Mil agus táirgí beachaireachta eile (7)** | 0,05 (*) |
| 1050000 | **Débheathaigh agus Reiptílí** | 0,01 (*) |
| 1060000 | **Ainmhithe inveirteabracha talún** | 0,01 (*) |
| 1070000 | **Ainmhithe veirteabracha talún fiáine** | 0,01 (*) |
| 1100000 | **TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)** | |
| 1200000 | **TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)** | |
| 1300000 | **TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)** | |

(*) Léiríonn an (*) íosteorainn an chinnidh anailísigh

([a]) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I

**Abaimeictin (an tsuim d'aiveirmeictin B1a, d'aiveirmeictin B1b agus den isiméir deilte-8,9 d'aiveirmeictin B1a, arna sloinneadh mar aiveirmeictin B1a) (R) (F)**

(R) Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil i gcás na gcomhcheangal de lotnaidicíd-códuimhir seo a leanas: Abaimeictin — cód 1000000 seachas 1040000: aiveirmeictin B1a

(F) Intuaslagtha i saill
Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 31 Eanáir 2025, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.
**0231020 Piobair mhilse/piobair chloigíneacha"**